Dáta an Leagain seo den Fhoirm: 08/2015

RFB 1

CLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ

An Garda Síochána
Iarratas chun ainm a chur san áireamh san Fhorlíonadh a ghabhann le Liosta na bPostvótálaithe

Léigh na nótaí go cúramach, le do thoil, sula gcomhlánóidh tú an fhoirm.

1.	Ainm: **(bloclitreacha)**	
2.	Céim:	
3.	Dáta Breithe:	
4.	Tabhair an seoladh iomlán poist ag a raibh gnáthchónaí ort an 1 Meán Fómhair 2014: **(bloclitreacha)**	
	Eircode:	☐☐☐☐☐☐☐
5.	An raibh aon duine den ainm céanna, a bheidh 18 mbliana d'aois an 15 Feabhra seo ag teacht, ina gcónaí ag an seoladh céanna an 1 Meán Fómhair 2014: Cuir tic (√) sa bhosca cuí:	Bhí ☐ Ní raibh ☐
	Síniú an Iarratasóra:	
	Dáta:	
	Uimhir theileafóin i rith an lae/ Uimhir Fóin Póca:	
	Ríomhphost:	

NOTAÍ A GHABHANN LE FOIRM RFB 1

Iarratas chun ainm a chur san áireamh san Fhorlíonadh a ghabhann le Liosta na bPostvótálaithe

1. Is é is cuspóir don fhoirm seo ná an bealach a réiteach do chomhaltaí an Gharda Síochána atá ar chlár na dtoghthóirí reatha ach nach bhfuil i liosta na bpostvótálaithe agus ar mian leo a n-ainm a chur san áireamh san fhorlíonadh a ghabhann leis an liosta sin.

Cé nach bhfuil aon srianta ann i dtaobh cathain a fhéadfar an fhoirm a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an údarás clárúcháin, is é atá sa dáta deiridh a nglacfaidh údarás clárúcháin le hiarratas ná dhá lá tar éis dháta lánscor na Dála i gcás olltoghcháin agus dhá lá tar éis an t-ordú maidir leis an lá vótaíochta a dhéanamh i gcás corrthoghcháin Dála le gur féidir an t-iarratas a bhreithniú i gcomhair an toghcháin sin. I gcás toghcháin Uachtaráin, toghcháin Eorpaigh nó toghcháin áitiúla nó i gcás Reifrinn, ní mór an t-iarratas a bheith faighte ag an údarás clárúcháin 22 lá ar a laghad roimh an lá vótaíochta (gan Domhnaí, Aoine an Chéasta ná Laethanta Saoire Poiblí a áireamh) le gur féidir é a bhreithniú i gcomhair an toghcháin nó an reifrinn sin.

2. Faoi alt 14(a) den Acht Toghcháin 1992, tá rogha ag comhalta den Gharda Síochána clárú mar phostvótálaí nó mar ghnáthvótálaí. Más mian leat clárú mar phostvótalaí agus d'ainm a chur san áireamh san fhorlíonadh a ghabhann le liosta na bpostvótálaithe ba chóir an fhoirm seo a chomhlánú agus a sheoladh ar ais chuig an gComhairle Cathrach, chuig an gComhairle Contae nó chuig an gComhairle Cathrach agus Contae ar ina limistéir a chónaíonn tú. Más mian leat clárú mar ghnáthvótálaí san fhorlíonadh a ghabhann leis an gClár, ba chóir duit Foirm RFA 2 a chomhlánú.

3. Eircode

Is é atá in Eircode ná an córas náisiúnta postchód in Éirinn agus cuimsíonn sé postchód uathúil 7 ndigit atá sannta do gach seoladh dá bhfuil ann in Éirinn.

4. Mionsonraí teagmhála

Tá mionsonraí teagmhála á lorg ar eagla gur gá don údarás clárúcháin teagmháil a dhéanamh leat chun aon mhionsonraí atá ann san iarratas a shoiléiriú.

5. Cad a tharlaíonn ina dhiaidh sin?

Cuirfidh an t-údarás clárúcháin a gcinneadh ar d’iarratas in iúl duit agus, má dhiúltaítear dó, tabharfar na cúiseanna leis an diúltú duit.

6. Is cion é mainneachtain aon fhaisnéis a theastaíonn ón údarás clárúcháin chun críche a ndualgas a thabhairt don údarás nó don chláraitheoir sin nó faisnéis bhréagach a thabhairt go feasach.